**SCÉIM DEONTAIS CEANNAIGH FEITHICLÍ TROMSHAOTHAIR ASTAÍOCHTAÍ NIALASACHA**

**RIALACHA**

## 1. Léargas Ginearálta

1.1 Sonraítear sa doiciméad seo na rialacha (***Rialacha na Scéime***) a rialaíonn scéim deontais ceannaigh (***an Scéim***) feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha (***ZEHDV***).

1.2 Faoin Scéim, soláthróidh an tAire Iompair, ag gníomhú tríd an Roinn Iompair (***an Roinn***), maoiniú do Bhonneagar Iompair Éireann (***BIÉ***), a oibríonn an Scéim ar a seal. Tríd an Scéim, soláthraíonn BIÉ deontais (***Deontais***) d'iarrthóirí (***Iarrthóirí***) a chomhlíonann critéir mar atá leagtha amach i Rialacha na Scéime atá faoi réir na dtéarmaí atá sonraithe aige d'fhonn ceannach agus le húsáid ZEHDVanna a chur chun cinn.

1.3 Féadfaidh an tAire Iompair (***an tAire***) agus BIÉ athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim ó thráth go chéile. Féadfaidh BIÉ an Scéim a leasú nó a fhoirceannadh i gcomhréir le halt 11.

## 2. Cúlra

2.1 Cruthaítear thart ar 20% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa náisiúnta na hÉireann san earnáil iompair, agus teastaíonn athrú claochlaitheach chun go laghdóidh an earnáil astaíochtaí ar aon dul le gealltanais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cé nach ionann feithiclí tromshaothair (***HDVanna***) ach thart ar 5% de na feithiclí ar bhóithre an Aontais Eorpaigh (***an AE***), is iad is cúis le thart ar 25% de na hastaíochtaí uile iompair ar bóthar. In 2019 amháin, measadh go raibh an earnáil HDV ina cúis le breis is 19% d'astaíochtaí iompair ar talamh na hÉireann. Tugann réamh-mheastacháin le fios go leanfaidh astaíochtaí ag dul i méid mura dtugtar faoi ghníomh suntasach beartais. Cuspóir atá ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí é bearta maolaithe a fhorbairt a rachaidh i ngleic go rathúil le hastaíochtaí ón earnáil seo.

2.2 Chun cur in aghaidh astaíochtaí atá ag dul i méid, dheimhnigh an Roinn agus an Tascfhórsa Feithiclí Astaíochtaí Ísle go dteastaíonn tacaíochtaí airgeadais ón earnáil HDV, chun cabhrú leis an aistriú chuig roghanna eile astaíochtaí níos ísle.

2.3 Ar iarratas ón Roinn, tá de chúram ar BIÉ déileáil le bunú agus riar sealadach na Scéime chun tacú lena hiarrachtaí dícharbónaithe iompair náisiúnta agus leis an aistriú chuig teicneolaíochtaí feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha agus é mar aidhm astaíochtaí agus truailleáin iompair a laghdú. Tá sé mar aidhm leis an Scéim dlús a chur le dícharbónú na hearnála iompair tromshaothair, lena n-áirítear veaineanna, trucailí, busanna agus cóistí. I láthair na huaire, tá an Scéim á reáchtáil ag BIÉ mar Oibreoir na Scéime ach coimeádann sé an ceart, ó am go ham, duine dá chonraitheoirí a cheapadh chun an Scéim a reáchtáil ar a shon.

2.4 Dearadh forálacha na Scéime go mbeidh siad ar aon dul le forálacha ginearálta Rialachán an Choimisiúin (AE) Uimh 651/2014 an 17 Meitheamh 2014 inar fógraíodh catagóirí áirithe cabhrach atá comhoiriúnach don mhargadh inmheánach agus Airteagail 107 agus 108 an Chonartha ar Fheidhmiú an AE (***GBER***) agus, Alt 7, Airteagal 36b, ach go háirithe, á gcur chun feidhme, a bhaineann le státchabhair chun feithiclí astaíochtaí nialasacha a fháil.

2.5 Tá cistiú faighte ag BIÉ ón Roinn chun cabhrú le ceannaitheoirí feithiclí an difreálach praghais idir teicneolaíochtaí HDV astaíochtaí nialasacha agus gnáth-theicneolaíochtaí a dhúnadh. Deimhneoidh an Roinn an cistiú don Scéim gach bliain mar chuid den phróiseas meastachán bliantúil, i ndiaidh dul i gcomhairle le BIÉ.

## 3. Tréimhse na Scéime

3.1 Cuirtear tús leis an Scéim gach bliain féilire an 1 Samhain don bhliain bhuiséadach dár gcionn. Is féidir iarratais a dhéanamh ar Dheontais ón dáta sin don scéim a bhaineann leis an mbliain bhuiséadach dár gcionn.

3.2 Is féidir iarratais a dhéanamh gach bliain féilire go dtí roimh:

(a) an 30 Meán Fómhair na bliana féilire sin; nó

(b) an dáta ar a bhfuil cistí don Scéim don bhliain féilire sin ídithe,

(***Dáta Críochnaithe na Scéime***).

## 4. Réamhchoinníoll maidir le Glacadh le hIarratais

4.1 Braitheann glacadh le hIarratais agus íocaíochtaí a dhéanamh agus a uainiú faoin Scéim go hiomlán ar an leibhéal cistithe a leithdháileann an Rialtas ar an Scéim i mbliain féilire ar leith.

4.2 Nuair a chaitear an cistiú a leithdháiltear i mbliain féilire ar leith, ní bheifear in ann breithniú a dhéanamh ar Iarratais ná ar íocaíochtaí a dhéanamh go dtí go gcuirfear cistí breise ar fáil.

## 5. Cuspóir an Deontais

5.1 Cuirtear an Deontas ar fáil chun ceannach ZEHDV nua a éascú d'fhonn teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a sheasann an aimsir a chur chun cinn chun dlús a chur le húsáid iompair inbhuanaithe, inrochtana agus chliste.

## 6. HDVanna Incháilithe

6.1 Ar mhaithe le cuspóirí na Scéime seo, is éard is HDV ann ná veain, trucail, bus nó cóiste ar a bhfuil ollmheáchan dearaidh gan ualach níos mó ná 3.5 tonna aige.

6.2 Foilseoidh BIÉ liosta de na catagóirí HDVanna agus an gléasra cumhachta atá incháilithe don Scéim ar a láithreán gréasáin, trí thagairt a dhéanamh don sainmhíniú ar "fheithicil astaíochtaí nialasacha" atá leagtha amach in GBER. Tiocfaidh aon liosta foilsithe den sórt sin in ionad aon liosta roimhe sin agus tiocfaidh sé in ionad aon liosta den sórt sin.

6.3 Amhail thosú na Scéime, le bheith measta mar “astaíochtaí nialasacha” agus le bheith incháilithe don Deontas, ní mór d'fheithicil an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) gan inneall dócháin inmheánach a bheith aici; nó

(b) inneall dócháin inmheánach a bheith aici ach níos lú ná 1 g $CO2$/kWh a astú; nó

(c) inneall dócháin inmheánach a bheith aici ach níos lú ná 1g $CO2$/km a astú.

6.4 Moltar d'iarratasóirí dul i gcomhairle le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena bhearta cur chun feidhme agus le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcás ina bhfuil alt 6.3(b) nó 6.3(c) infheidhme.

6.5 Faoi réir an cheanglais in alt 6.3, amhail thosú na Scéime, tá na saghsanna seo a leanas de HDV

incháilithe don Deontas:

(a) Feithicil Leictreach Bhreosla-Chille, a chiallaíonn mótarfheithicil nua leictreach atá faoi thiomáint breosla-chille in éineacht le ceallra nó olltoilleoir;

(b) Feithicil Cheallra-Leictreach, a chiallaíonn feithicil nua atá faoi thiomáint ceallra leictrigh nach féidir í a luchtú agus a athluchtú ach trí í a phlugáil isteach i bhfoinse cumhachta leictrí sheachtrach;

(c) Feithicil Leictreach Hibride Inluchtaithe, a chiallaíonn feithicil nua atá faoi thiomáint ceallra ar féidir í a luchtú agus a athluchtú trí í a phlugáil isteach i bhfoinse cumhachta leictrí sheachtrach agus tríd an inneall agus an gineadóir atá san fheithicil; nó

(d) Feithicil faoi thiomáint hidrigine.

**7. Iarratasóirí**

7.1 Chun críocha na Scéime,

(a) Ciallaíonn "**Cleamhnaí**":

(i) i dtaca le haon duine a bhfuil fiontar acu, Fochuideachta an duine sin nó Cuideachta Sealbhaíochta an duine sin nó aon Fhochuideachta eile na Cuideachta Sealbhaíochta sin;

(ii) i dtaca le duine aonair;

(A) fiontar ina bhfuil tromlach chearta vótála na scairshealbhóirí nó na mball ag an duine sin;

(B) fiontar ina bhfuil tromlach an ceart ag an duine sin tromlach bhaill an chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta a cheapadh nó a bhaint;

(C) fiontar ina bhfuil an ceart ag an duine siúd tionchar ceannasach a imirt ar an bhfiontar de bhun conartha inar iontráladh leis an bhfiontar sin nó de bhun forála ina meabhrán nó ina n-airteagail chomhlachais; nó

(D) fiontar, atá ina scairshealbhóir in nó ina bhall d'fhiontar eile, a dhéanann an duine sin a rialú leis/léi féin, de bhun comhaontú le scairshealbhóirí eile san fhiontar sin nó le baill eile an fhiontair sin, nó a bhfuil tromlach chearta vótála na scairshealbhóirí nó na mball san fhiontar sin acu;

(iii) Ciallaíonn "**Cuideachta Sealbhaíochta**" maidir le duine, aon duine eile a bhfuil sí mar Fhochuideachta de; agus

(iv) Beidh an bhrí ar "**Fochuideachta**" a bhronntar air in alt 7 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

7.2 Is féidir le haon duine a bheith ina nIarratasóir (cosúil le duine aonair nó comhlacht corparáideach), cibé acu ar bhonn príobháideach, poiblí nó tráchtála. Áirítear leis seo aon trádálaí aonair, cuideachta nó corparáid reachtúil.

7.3 Caithfear na coinníollacha seo a leanas a shásamh sula nglacfar le haon Iarratas ar Dheontas:

(a) ní bhfuair an tIarratasóir agus a gCleamhnaithe Deontais faoin Scéim:

(i) nuair is ionann comhiomlán na nDeontas siúd agus níos mó ná €500,000 (lena n-áirítear an Deontas is ábhar don Iarratas); nó

(ii) maidir le breis agus fiche (20) ZEHDV (lena n-áirítear an fheithicil is ábhar don Iarratas (***an Fheithicil***));

(b) sa chás go bhfuil an tIarratasóir bunaithe go príomha i mBallstát an AE nach Éire é, ní mór don Iarratasóir a thaispeáint dá ainneoin sin, go bhfuil cuid den bhunaíocht, den bhrainse nó den ghníomhaíocht laistigh d'Éirinn;

(c) (i) ní bheidh aon fhóirdheontas nó deontas eile faighte nó le fáil ag an bhFeithicil faoin aon scéim agus/nó (ii) ní bheidh cistiú faighte roimhe seo tríd an Scéim seo;

(d) níl an tIarrthóir agus a Chleamhnaithe faoi réir ordaithe ghnóthaithe neamhíoctha déanta ag an gCoimisiún Eorpach le haghaidh aisíocaíocht Státchabhrach mhídhleathaigh a cheadaigh an Stát roimhe sin;

(e) níl an Fheithicil faighte ag an Iarrthóir fós nó faoi réir aon chomhaontaithe ná aon chonartha chun críche a sealbhaithe ag an Iarrthóir. Ní mór a thabhairt ar aird, mar atá sonraithe i dTéarmaí agus Coinníollacha na Scéime (féach alt 9 thíos), d'fhonn a bheith incháilithe chun Deontas a fháil, nach féidir leis an Iarrthóir an Fheithicil a cheannach go dtí go bhfuil céim 8.1(a)– 8.1(e) thíos curtha i gcrích; agus

(f) sa chás nach é an tIarrthóir chéad úinéir na Feithicle, ní bheidh aon fhóirdheontas nó deontas eile faighte ag úinéir na feithicle roimhe sin faoi aon scéim eile agus/nó ní bheidh cistiú faighte roimhe seo tríd an Scéim seo.

## 8. Próiseas an deontais

8.1 Bainfidh an próiseas seo a leanas leo siúd a lorgaíonn Deontas a fháil i dtreo ZEHDV a cheannach (***an tIarratasóir***):

(a) Líonfaidh an tIarratasóir foirm iarratais atá suite ar láithreán gréasáin BIÉ (***Foirm Iarratais an Deontais***) agus cuirfidh sé/sí an t-eolas riachtanach ar fáil, lena n-áirítear sonraíochtaí na Feithicle, fianaise i leith an lín foirne agus láimhdeachas an Iarratasóra agus, faoi mar is infheidhme, eolas faoi aon fhiontar comhpháirtíochta nó faoi aon fhiontar atá ceangailte (faoi mar a shainmhínítear faoi Iarscríbhinn 1, Airteagal 3 den GBER), lena chumasú cinntiúchán a dhéanamh faoi Mhéid an Deontais Shealadaigh i gcomhréir le halt 10 thíos.

(b) Seolfar iarratais agus an comhfhreagras go léir go leictreonach, chuig ríomhphost Oibreoir na Scéime, zehdvgrant@pierse.ie.

(c) Déanfar breithniú ar iarratais ar bhonn "tús freastail ar na hiarratais is túisce", a fhad agus go líonadh iarratas go sásúil.

(d) Tar éis breithniú a dhéanamh ar an eolas a chuirtear ar fáil ar Fhoirm Iarratais an Deontais (***an tIarratas***), eiseofar litir don Iarratasóir (***an Litir Dheontais***) ina gcuimseofar méid a beartaíodh go sealadach a chur ar fáil trí dheontas (***Méid an Deontais Shealadaigh***) a dheimhnítear i gcomhréir le halt 10 thíos agus ina leagtar

amach na coinníollacha a shásóidh an tIarratasóir sa chás go nglacann siad leis an Litir Dheontais. Beidh tréimhse fiche a haon (21) lá ag an Iarratasóir glacadh leis an Litir Dheontais.

(e) Má ghlacann an tIarratasóir leis an Litir Deontais de réir a téarmaí, is féidir leis an Iarratasóir an Fheithicil a cheannach agus tuilleadh eolais a sholáthar atá riachtanach faoi théarmaí na Litreach Deontais d'Oibritheoir na Scéime. Beidh go dtí 31 Deireadh Fómhair na bliana buiséadaí ina ghlactar leis an Litir Deontais ag an Iarratasóir chun a dualgais maidir leis seo a shásamh ("Tréimhse Infhaighteachta an Deontais").

(f) Tar éis fhíorú na faisnéise soláthartha de réir na Litreach Deontais agus tar éis dhearbhú stádas GBM an Iarratasóra ag am eisiúint mhéid an Deontais, socrófar méid an Deontais, a dhéanfar faoi lánrogha BIÉ agus de réir na Litreach Deontais. Cuirfidh Oibritheoir na Scéime an méid in iúl don Deontaí agus déanfar an Deontas a íoc ina dhiaidh sin faoi lánrogha BIÉ, ach tráth nach déanaí ná dhá (2) mhí tar éis d'Oibritheoir na Scéime méid an deontais a dhearbhú.

**9. Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime**

9.1 Is féidir teacht ar théarmaí agus coinníollacha Litir Dheontais shamplach idir Iarratasóir agus BIÉ ar láithreán gréasáin BIÉ.

**10. Méid an deontais**

10.1 *Uasmhéid*

(a) Is é uasmhéid an Deontais an difríocht idir €500,000 agus an méid comhiomlán a fhaigheann an tIarratasóir (agus na Cleamhnaithe go léir) ar bhealach eile trí dheontas faoin Scéim (nó aon Scéim a chuirfear ina hionad nó aon Scéim leasaithe).

(b) Maidir leis an GBER, ina leagtar amach an t-uasmhéid cabhrach is féidir a leithdháileadh ó chistí stáit maidir le feithiclí iompair a cheannach faoi rialacha státchabhrach an AE, is éagsúil Méid an Deontais Shealadaigh maidir le ZEHDV agus tagairt á dhéanamh don mhéid seo a leanas:

(i) méid an ghnóthais a dhéanann iarratas ar an deontas, i.e. cibé acu an féidir nó nach féidir an gnóthas a chatagóiriú mar ghnóthas 'beag', 'meánmhéide' nó 'mór', faoi mar a leagtar amach in alt 10.2 thíos; agus;

(ii) an difreálach praghais do gach feithicil, faoi mar a leagtar amach in alt 10.3(b) thíos.

10.2 *Méid na ngnóthas*

(a) Catagóirítear gnóthais (de réir fhorálacha Iarscríbhinn I, Airteagail 1 go 6 den GBER) amhail bheith 'beag', 'meánmhéide' nó 'mór' ar bhunús:

(i) líon foirne; agus

(ii) tairseacha airgeadais (i.e. láimhdeachas agus/nó iomláin an chláir chomhardaithe).

(b) Ar an ábhar sin, chun críocha na Scéime:

(i) gnóthas é 'fiontar beag' ina bhfuil níos lú ná 50 ball foirne agus ag a bhfuil láimhdeachas atá cothrom le nó faoi bhun €10 milliún agus/nó ag a bhfuil clár comhardaithe atá cothrom le nó faoi bhun €10 milliún;

(ii) gnóthas é 'fiontar meánmhéide' ina bhfuil níos lú ná 250 ball foirne agus ag a bhfuil láimhdeachas atá cothrom le nó faoi bhun €50 milliún agus/nó ag a bhfuil clár comhardaithe atá cothrom le nó faoi bhun €43 milliún;

(iii) gnóthas é 'fiontar mór' ina bhfuil níos mó ná 250 ball foirne agus ag a bhfuil láimhdeachas breis agus €50 milliún agus/nó ag a bhfuil clár comhardaithe breis agus €43 milliún.

(c) D'fhonn leas a bhaint as an Deontas, beidh ar ghnóthais fianaise dhoiciméadach a sholáthar i leith a líonta foirne agus a láimhdeachais chun gur féidir a méid choibhneasta agus na leibhéil deontais a bhfuil siad incháilithe dóibh, a ríomh.

(d) I gcás fiontar féinrialaitheach, faoi mar a shainmhínítear faoi Iarscríbhinn 1, Airteagal 3 den GBER, deimhnítear na sonraí, an líon foirne san áireamh, bunaithe ar na cuntais is déanaí den fhiontar sin agus orthu siúd amháin.

(e) Comhfhreagraíonn an líon foirne don líon aonaid oibre bhliantúla (AWU), i.e., an líon daoine a d'oibrigh go lánaimseartha laistigh den fhiontar atá i gceist nó thar a cheann i rith na bliana iomláine tagartha atá faoi chaibidil.

(f) Ríomhtar an méid a roghnaítear don láimhdeachas gan cáin bhreisluacha (CBL) agus cánacha indíreacha eile a áireamh.

(g) I gcás fiontair nuabhunaithe nár ceadaíodh a gcuntais go fóill, tá na sonraí atá le cur i bhfeidhm le baint ó mheastachán *bona fide* a rinneadh i gcaitheamh na bliana airgeadais.

(h) Chun teacht ar eolas breise ar an sainmhíniú ar fhiontair 'bheaga', 'mheánmhéide' agus 'mhóra' agus ar shaghas na sonraí a theastaíonn le méid choibhneasta ghnóthais a léiriú, moltar d'Iarratasóirí súil a chaitheamh ar Iarscríbhinn I, Airteagail 1 go 6 den GBER agus ar *Treoir Úsáideora Choimisiún an Aontais Eorpaigh maidir leis an Sainmhíniú ar FBManna*.

(i) I gcás fiontar a bhfuil fiontair chomhpháirtíochta nó fiontair cheangailte acu (faoi mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I, Airteagal 3 den GBER), baineann rialacha ar leith maidir leis na sonraí atá le húsáid, agus as méid choibhneasta an fhiontair a dheimhniú. Moltar d'Iarratasóirí súil a chaitheamh ar Iarscríbhinn I, Airteagail 1 go 6 den GBER agus ar *Threoir Úsáideora an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Sainmhíniú FBM*.

10.3 *An difreálach praghais do gach feithicil*

(a) Socraítear Méid an Deontais Shealadaigh do gach catagóir ghnóthais mar chéatadán den difreálach praghais do gach feithicil, ach a fhad agus nach mó an méid, ar an gcomhiomlán, agus €500,000 do gach gnóthas (mar aon ar Chleamhnaithe) faoi mar a leagtar amach sa tábla thíos.

| Méid an ghnóthais | Líon foirne<br><br>Iomlán an láimhdeachais/an chláir chomhardaithe | Uasmhéid iomlán in aghaidh an ghnóthais | Uasmhéid atá ar fáil in aghaidh ZEHDV |
|---|---|---|---|
| **Beag** | <50 ball foirne<br><br><€10m/<€10m | Suas le €500,000 | 60% den difreálach praghais |
| **Meánmhéide** | <250 ball foirne<br><br><€50m/<€43m | Suas le €500,000 | 50% den difreálach praghais |
| **Mór** | >250 ball foirne<br><br>>€15m/>€43m | Suas le €500,000 | 30% den difreálach praghais |

(b) Is féidir teacht ar tháblaí samplacha a léiríonn conas is féidir an difreálach praghais a ríomh chun críche alt 10.3(a) ar láithreán gréasáin BIÉ.

(c) D'fhonn leas a bhaint as an Deontas, beidh ar Iarratasóirí fianaise a sholáthar ar phraghas ceannaigh an ZEHDV a bhfuil an Deontas á lorg ina leith.

10.4 Ní fhéadfaidh méid an Deontais a bheith níos mó ná an Méid Deontais Shealadaigh atá leagtha amach sa Litir Deontais, ach féadfar é a laghdú de réir théarmaí na Litreach Deontais agus Rialacha na Scéime seo (m.sh. athrú ar Stádas FBM an Iarratasóra etc.).

**11. An ceart Rialacha na Scéime a leasú/a athrú**

11.1 Féadfaidh BIÉ, dá lánrogha féin:

(a) leasú a dhéanamh ar Rialacha na Scéime (lena n-áirítear Rialacha na Scéime seo) ó am go ham; nó

(b) deireadh a chur leis an Scéim,

i ndiaidh fógra seacht (7) lá a thabhairt, trí fhógra a fhoilsiú ar láithreán gréasáin BIÉ.

11.2 Gan dochar d'alt 11.1, beidh éifeacht freisin láithreach le leasuithe agus modhnuithe ar Rialacha na Scéime ar na hIarratasóirí do ghlacadh leo.

11.3 Ar fhoirceannadh na Scéime de réir alt 11.1, ní fhéadfar aon iarratais eile a dhéanamh ná ní bhreithneofar iad.

**12. Trédhearcacht na Státchabhrach**

12.1 I gcomhréir le hAirteagal 9 de GBER, foilseoidh BIÉ na mionsonraí seo a leanas maidir le Modúl Cabhrach Trédhearcachta (***TAM***) an Choimisiúin Eorpaigh do gach dámhachtain cabhrach aonair os cionn €100,000:

(a) Ainm an tairbhí;

(b) Aitheantóir an tairbhí;

(c) An cineál fiontair tráth an deonaithe (i.e. FBM/Mór);

(d) An réigiún ina bhfuil an tairbhí lonnaithe;

(e) Earnáil na gníomhaíochta ar leibhéal ghrúpa NACE;

(f) Comhchuid cabhrach;

(g) Ionstraim chabhrach;

(h) Dáta an deonaithe;

(i) Cuspóir na cabhrach;

(j) An t-údarás deonúcháin; agus

(k) Tagairt an bhirt cabhrach

12.2 Foilseoidh BIÉ an fhaisnéis ag alt 12.1 laistigh de 6 mhí ó dháta deonaithe na cabhrach.